Athbhreithniú an Chathaoirligh



Lochlann Quinn
Cathaoirleach

Tá míthuiscint ann go gcinneann BSL praghas leictreachais

In ainneoin coinníollacha eacnamaíocha a bheith an-deacair sa bhaile agus thar lear, d'éirigh le BSL feidhmiú go maith le linn 2008. Ba €3.5 billiún an t-ioncam, rud a bhí ar aon dul le 2007. Is ionann brabús inchurtha i leith scairshealbhóirí agus €273 milliún. Tá an Bord ag moladh díbhinn deiridh de 4.14 cent san aonad stoc, ag tabhairt íocaíocht iomlán díbhinne de €82 milliún, sé sin 30% de bhrabúis indáilte do 2008. Ba €1.1 billiún an infheistíocht chaipitil don bhliain agus bhí iomlán na n-iasachtaí ag €2.2 billiún ag deireadh na bliana, méid atá inghlactha.

Tá margadh iomaíoch leictreachais Éireannach, a rinne BSL cuid mhór lena éascú, anois ag feidhmiú go hiomlán. Mar thoradh air seo, níl ag gnóthais rialaithe giniúna agus soláthair BSL anois ach 30% agus 40% faoi seach den mhargadh ar bhonn uile-oileáin. I measc na bhfóntas eile atá ag feidhmiú sa mhargadh anois tá Scottish & Southern, Bord Gáis agus Viridian. Le gairid, tháinig Endesa, an fóntas Spáinneach, isteach leo chomh maith.

Cuireann BSL fearadh na fáilte roimh Bhord Gáis agus Airtricity mar iomaitheoirí gníomhacha san earnáil chónaitheach agus ba cheart go gcuirfidh sé deireadh le haon aireachtáil atá ann go fóill de BSL mar mhonaplacht. Cinneann an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) an praghas ar féidir le BSL a ghearradh ar a chustaiméirí baile agus níl cead ag BSL lascaine a thabhairt ar an bpraghas seo. Beifear ag súil, de réir mar a fhaigheann iomaitheoirí sciar níos mó den mhargadh, gur féidir na srianta rialachais ar BSL a thógáil.

Sna cúinsí eacnamaíochta deacra seo is é príomhfhócas BSL agus ár gcustaiméirí ná praghas leictreachais. De bharr seo, don tréimhse ó 1 Eanáir go 30 Meán Fómhair 2009 beidh BSL ag ranníocaíocht €400 milliún mar lacáiste rialachais chun coigilteas praghais a bhaint amach do gach custaiméir leictreachais, in ainneoin cé acu a sholáthraíonn BSL a leictreachas nó iomaitheoirí de chuid BSL. Is beart sealadach é an tacaíocht neamhghnách seo de réir sainmhínithe agus beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an staid tar éis 30 Meán Fómhair 2009.

Tá praghsanna leictreachais do chustaiméirí baile na hÉireann ar aon dul le meán limistéar an euro. Tá praghsanna d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide faoi mheán limistéir an euro. Tá luachanna do Mhórúsáideoirí Fuinnimh (MÚF), áfach, os cionn meán limistéar an euro. Le déanaí léirigh an Rialtóir gurb é "spleáchas ar bhreosla iontaise an phríomhchúis le praghsanna arda comparáideacha fuinnimh, ag déanamh suas tuairim is 70% den mheánchostas níos airde leictreachais" in Éirinn. Soláthraíonn seisear soláthraí neamhspleácha 90% d'ídiú san earnáil MÚF, le sciar Sholáthar Custaiméirí BSL den mhargadh ag 10%.

In ainneoin na gcúinsí deacra gnó tá BSL tiomanta go hiomlán go fóill don chreat straitéiseach uaillmhianach go 2020, a fógraíodh le linn mhí Mhárta 2008 a chur i bhfeidhm chun go mbeidh BSL ina chuideachta cheannasach ó thaobh nithe inathnuaite de in Éirinn. Tá cás láidir eacnamaíoch ann don straitéis seo, chomh maith le ceann comhshaoil.

Bliain mhórghnímh a b'ea 2008 do BSL agus dá fhoireann faoi cheannasaíocht Phadraig McManus. Tá áthas orm, tar éis faomhadh an Aire, gur thoiligh Padraig obair mar Phríomhfheidhmeannach ar feadh trí bliana breise go dtí 2012.

I 2009 leanfaidh Bord agus bainistíocht agus foireann BSL ar aghaidh ag freastal ar ár gcustaiméirí chomh maith agus is féidir linn, chun seachadadh ar an straitéis a comhaontaíodh leis an Rialtas agus chun freastal ar an bpobal níos leithne.

Faoi réir fhorálacha an Achta Leictreachais (Soláthar) 1927 go 2004, cuireann an Bord an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008 l láthair.

Lochlann Quinn
Cathaoirleach